Comhaltacht Iardhochtúireachta in Met Éireann

Tá léiriú spéise á lorg ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Met Éireann) i gcomhaltacht taighde, a gcuirfear tús leis a luaithe agus is féidir. Seo a leanas an sainchuntas poist:

> **Taighdeoir Iardhochtúireachta – Léarscáileanna Náisiúnta Caighdeánacha de Pharaiméadair Mheitreolaíochta**
>
> **(Conradh Téarma Sheasta)** is é an bunriachtanas chun sraith léarscáileanna a chur le chéile a úsáidfidh an Tionscal lena chinntiú go sásaítear caighdeáin Náisiúnta agus Eorachóid. Baineann na léarscáileanna seo le tréimhsí fillte ar theochtaí uasta agus íosta, báisteach ghearr ard-déine, báisteach an-láidir agus nochtadh d'ionsaí seaca. Oibreoidh an taighdeoir le tacair shonraí breathnóireachta stairiúla, agus cloífear le dea-chleachtas idirnáisiúnta nuair atá na léarscáileanna á gcur le chéile, lena n-áireofar anailís staitistiúil ar luach foircneach. Forbróidh an taighdeoir tacair shonraí amach anseo freisin a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar bhaol maidir le róthéamh mar gheall ar shochar gréine i bhfoirgnimh.

An Roinn/an tÚdarás Fostaithe
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Met Éireann)

Earcaíocht
Tá earcaíocht á déanamh ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (Met Éireann) don phost seo faoina Ceadúnas Earcaíochta a d'eisigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (an CCSP) agus i gcomhréir le Cód Cleachtais an CCSP.

Láithreán Gréasáin na Roinne/an Údaráis Fostaithe
www.met.ie

Láthair
Ceanncheathrú Met Éireann, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.

Iarratais
Is é an spriocdháta d'iarratais 23/07/2020 ag 2pm.

Eolas Breise
Chun teacht ar eolas agus sonraí breise faoin bpost agus ar conas iarratas a dhéanamh, tabhair cuairt, le do thoil, ar www.met.ie/about-us/vacancies.

Ba cheart d'iarratasóirí foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh chuig **recruitment@met.ie**.

Tabhair faoi deara, le do thoil: ní dhéanfar breithniú ach ar iarratais a sheoltar ar aghaidh ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
Cliceáil anseo chun an fhoirm iarratais a íoslódáil

Dáta Fógraíochta
25/06/2020

Spriocdháta d'Iarratais
23/07/2020 ag 2pm